BAINISTEOIR AIRGEADAIS AGUS OIBRÍOCHAÍ
EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Tugann Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) cúnamh agus tacaíocht do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Go hachomair, feidhmíonn TnaG chun:

- Ionadaíocht agus abhcóideacht, ag leibhéal stáit nó eile, a dhéanamh ar son teaghlaigh arb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh;
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil a leanaí le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh;
- Forbairt gréasáin sna pobail Ghaeltachta;
- Comhairle, feasacht agus taighde a dhéanamh/scaipeadh ar cheisteanna a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge;
- Scéimeanna a reáchtáil a bhfuil sé mar aidhm leo cur le saibhreas teanga agus le nósmhaireachtaí bisiúla úsáidte Gaeilge;
- An Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh a fhorbairt, a riar agus a scaipeadh go cuí;

Tá TnaG á maoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá clár oibre aontaithe ag TnaG leis an Roinn sin mar chuid de phlean trí bliana na heagraíochta 2024-2026.

Clár Oibre TnaG
Príomhscéimeanna TnaG

- Babaí ar an mBealach (ceardlanna réamhbhreithe)
- Suathaireacht Leanaí

- Bualadh Bos (cúrsa nua céadfaí a bheidh á fhorbairt ag TnaG)
- Gligíní (Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí)
- PTT: An Pacáiste Tacaíochta Teanga sa Ghaeltacht (pacáiste leabhar agus earraí eile Gaeilge mar thacaíocht don tuismitheoir sa mbaile)
- Cuideachta (Grúpaí teaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge)
- Siamsán na nÓg (Ceardlanna spraoi aonuaire do theaghlaigh)
- Cinema Gaelach (Club scannánaíochta Gaeilge do theaghlaigh)
- An Clár Ealaín Béil (Lúibíní, Agallamh Beirte, Scéalaíocht, Aithriseoireacht srl do pháistí, daoine óga agus teaghlaigh)
- An Clár Litríochta (Seisiúin scéalaíochta, clubanna leabhar srl do pháistí, daoine óga agus teaghlaigh)
- Comhrá Teaghlaigh (Clár nua a bheidh á fhorbairt ag TnaG féachaint le cúnamh breise a thabhairt do theaghlaigh atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid sa mbaile)
- Teacht in Inmhe (Clár Cinnireachta Gaeltachta don Idirbhliain)
- Litir chuig Santaí
- An Pota Stóir (Áiseanna teanga do theaghlaigh a fhorbairt)

Bíonn Clár Taighde agus Clár Feasachta & Eolais á gcur i bhfeidhm go leanúnach ag TnaG chomh maith.

Láthair

Tá príomhoifig TnaG lonnaithe ar na gCeathrú Rua i gCo. na Gaillimhe. Beidh an té a cheapfar lonnaithe san oifig seo.

Téarmaí agus coinníollacha

Tá an post seo bunaithe ar scála pá d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí.
Tuarastal an Phoist: €54,764- €68,970*.
D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
**Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála.*

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tréimhse an Chonartha: 1 Aibreán 2024 (nó nuair a cheapfar duine i ndiaidh an phróisis earcaíochta) – 31 Nollaig 2026;
D'fhéadfaí cur leis an tréimhse seo ag brath ar mhaoiniú.

Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann, 39 uair an chloig sa tseachtain. Tá gnáth nósanna imeachta i bhfeidhm ó thaobh sosanna srl. Beidh obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i gceist go rialta (tráthnóna agus/nó ag an deireadh seachtaine).

Beidh taisteal i gceist mar chuid den ról agus beidh ceadúnas tiomána iomlán glan agus modh iompair riachtanach dá réir.

Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo.

Saoire Bhliantúil: 23 lá *pro rata* agus laethanta saoire poiblí.

Pinsean: Tá scéim pinsin i bhfeidhm ag TnaG. Tabharfar tuilleadh eolais sa tairiscint ar cheapachán.

Tá nósanna imeachta uile na heagraíochta ar fáil i Lámhleabhar Foirne TnaG a chuirfear ar fáil don té a cheapfar sa phost.

An Próiseas Roghnúcháin
Is ceart litir iarratais mar aon le CV reatha agus ainmneacha beirt mholtóirí a sheoladh roimh Dé hAoine 8 Márta 2024 chuig:
sorcha@tuismitheoiri.ie nó chuig:
Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí
Tuismitheoirí na Gaeltachta
Aonad 3B Páirc Gnó na Ceathrún Rua
An Cheathrú Rua
Co na Gaillimhe

H91 Y0R2.

Ní dhéanfar aon teagmháil le moltóirí gan cead a fháil ón iarrthóir roimh ré.

Seolfar deimhniú go bhfuil a n-iarratas faighte chuig iarrthóirí laistigh de dhá lá den iarratas a bheith faighte. Iarrtar ar aon duine nach bhfaigheann an deimhniú seo teagmháil a dhéanamh leis an gCeannasaí (sonraí thuas).

Déanfar an t-eolas sa litir iarratais agus CV a mheas sa chéad chéim den phróiseas roghnúcháin. Ba cheart d'iarrthóirí léiriú a thabhairt sna cáipéisí sin go bhfuil siad inniúil don phost. Déanfar gearrliosta más gá d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin agus iarrfar orthu siúd dul faoi agallamh. Beidh scrúdú gairid scríofa mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

SONRAÍ AN PHOIST

Teideal an Phoist: Bainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí
Freagrach do: An Ceannasaí
Cur síos ar an bPost: Beidh an Bainisteoir Airgeadais agus Oibríochtaí freagrach as cúrsaí airgeadais, cuntasaíochta, riaracháin agus oibríochta na heagraíochta ar bhonn náisiúnta (sa Ghaeltacht). Beidh sé/sí ag tacú le cur i gcrích cúraimí acmhainní daonna i gcomhar leis an gCeannasaí.

PRÍOMHCHÚRAIMÍ

Cúraimí Straitéiseacha:

- Réimse leathan d'fheidhmeanna a thacaíonn le cur i gcrích aidhmeanna agus pleananna TnaG.

- Forbairt, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar spriocanna cuí de réir mar a aontófar leis an Ardbhainistíocht.
- Freagrach as sreabhadh airgid, buiséadú agus pleanáil airgeadais na heagraíochta.

Cúraimí Oibríochta:

- Bainistiú chórais airgeadais, cuntasaíochta, riaracháin agus oibríochta na heagraíochta.
- Córais éagsúla airgeadais na heagraíochta a bhainistiú. Ina measc: pá rolla, éilimh ar chostais, íocaíochtaí a dhéanamh, sonraisc a ullmhú, admhálacha a eisiúint, lóisteáil airgid srl
- Iarratais ar mhaoiniú agus deontais a ullmhú i gcomhar leis an mbainistíocht/ardbhainistíocht.
- Cuntais bhliantúla a chur le chéile agus ullmhú d'iniúchóireacht inmheánach/sheachtrach.
- Buiséad iomlán na heagraíochta a riar i gcomhar leis an mbainistíocht/ardbhainistíocht.
- Foireann riaracháin na heagraíochta a riar, a threorú agus a bhainistiú.
- Oifigí na heagraíochta a riar agus a bhainistiú.
- Pleanáil airgeadais, tuar agus tuairisciú
- A bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann agus polasaithe, nósanna imeachta, treoirlínte agus treoracha oibre atá nua agus atá ann cheana á bhforbairt agus á n-athbhreithniú sa réimse Airgeadais agus Cuntasaíochta

Cúraimí Pearsanra:

- A chinntiú go gcloíonn na baill foirne atá ag tuairisciú dó/di le polasaithe agus nósanna imeachta TnaG.
- Feidhmíocht na mball foirne atá ag tuairisciú go díreach dó/di a bhainistiú.
- Tuairisciú don Cheannasaí faoi chur i gcrích cuspóirí foirne.

Cúraimí Cumarsáide:

- Freastal ar chruinnithe éagsúla d'fhoireann TnaG mar is cuí.
- Freastal ar chruinnithe rialta bainistíochta TnaG.
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha sna réimsí a bhaineann leis an bpost.
- Tacaíocht airgeadais agus treoir a sholáthar d'fhoireann agus bainisteoirí TnaG.

Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán é.

TAITHÍ AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Riachtanach

- Ardchumas Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Tuiscint agus taithí ar shaol agus ar earnáil na Gaeltachta agus na Gaeilge, earnáil an teaghlaigh sa Ghaeltacht go háirithe.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus/nó taithí in aon cheann de na réimsí seo a leanas: cuntasaíocht, airgeadas, eacnamaíocht, gnó, tráchtáil nó a gcomhionann.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa agus ardscileanna idirphearsanta.
- Taithí phraiticiúil ar mheasúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus spriocanna a bhainistiú dá réir.
- Ardscileanna ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.
- Taithí ar phacáistí cuntasaíochta agus airgeadais.

Ina bhuntáiste:

- Cáilíocht agus/nó taithí i gcúrsaí bainistíochta.

Ní mór d'iarrthóirí na tréithe pearsanta agus scileanna gairmiúla seo a bheith acu

- Spreagúil agus díograiseach – ó thaobh na hoibre agus na Gaeilge de.
- Ábalta dul i gcion ar dhaoine agus caidrimh oibre bhisiúla a choinneáil agus a fheabhsú.
- Muiníneach agus cruthaitheach.
- In ann déileáil le fadhbanna.